

Fógra Faisnéise:
N22 Baile Bhuirne to Macroom Road Development.

Dáta: 7th Meitheamh 2022

**Fógra faisnéise maidir le hoibreacha bóthair ar an N22 ar an Tonn Láin,
Baile Bhuirne.**

Is é Jons-John Cradock JV an conraitheoir ar an bhForbairt Bóthair N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha agus atá ag obair ar son Chomhairle Contae Chorcaí.

Beidh bainistíocht tráchta Stop/Téigh i bhfeidhm ag an gconraitheoir ar an N22 reatha ar an Tonn Láin ón lá inniu 7 Meitheamh 2022, agus táthar ag súil go leanfaidh na hoibreacha ar aghaidh ar feadh tréimhse coicíse. Beidh an bainistiú sealadach tráchta i bhfeidhm le linn gnáthuaireanta oibre amháin, ag baint úsáide as foireann bhratach. Lasmuigh d’uaireanta oibre, fillfidh an trácht ar shreabhadh neamhshrianta sa dá threo.

Tá luasteorainn shealadach 50 kph i bhfeidhm anois, agus tá an chomharthaíocht ábhartha in áit, ar an N22 ar an Tonn Láin, chun na hoibreacha seo a éascú.

Tá gá leis an mbainistíocht tráchta sealadach seo chun ligean do shuiteáil lintéar uisce dromchla, a thrasnóidh an N22 reatha ar an Tonn Láin.

Moltar d’úsáideoirí bóithre a bheith cúramach agus iad ag druidim leis an láthair agus leanúint ar aghaidh go cúramach tríd láthair na n-oibreacha.

Ba mhaith leis an gconraitheoir leithscéal a ghabháil as aon mhíchaoithiúlacht a éiríonn as na hoibreacha seo.

Jons-John Cradock JV

Bóthar Shráid an Mhuilinn

Maigh Chromtha



An Roinn Iompair
Department of Transport

